2024/2080

29.7.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2080 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Iúil 2024

lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Iúil 2003, chomhaontaigh an Chomhairle Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) a cheapadh do Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia.

(2) An 13 Samhain 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/2071 ([1]). lena gceapadh Toivo KLAAR ina ISAE do Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia.

(3) An 20 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1528 ón gComhairle ([2]) lena gcuireadh síneadh le sainordú Toivo KLAAR mar ISAE do Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia. Tá sainordú ISAE le dul in éag an 31 Lúnasa 2024.

(4) Ba cheart Magdalena GRONO a cheapadh mar ISAE do Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2025.

(5) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh

Leis seo, ceaptar Magdalena GRONO ina Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) do Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2025. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfaí sainordú ISAE a shíneadh nó a fhoirceannadh níos luaithe, ar bhonn measúnaithe ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

Airteagal 2

Cuspóirí beartais

Beidh sainordú ISAE bunaithe ar chuspóirí beartais an Aontais do Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia, lena n-áirítear na cuspóirí a leagtar amach i gconclúidí an chruinnithe den Chomhairle Eorpach a tionóladh sa Bhruiséil an 1 Meán Fómhair 2008, i gconclúidí na Comhairle an 15 Meán Fómhair 2008, agus an 27 Feabhra 2012, chomh maith le conclúidí an chruinnithe den Chomhairle Eorpach a tionóladh sa Bhruiséil an 26 agus an 27 Deireadh Fómhair 2023. Áirítear ar na cuspóirí sin:

(a) i gcomhréir leis na sásraí atá ann cheana chun coinbhleachtaí a chosc sa réigiún, rannchuidiú le réiteach síochánta ar choinbhleachtaí sa réigiún, lena n-áirítear an ghéarchéim sa tSeoirsia agus an próiseas normalaithe idir an Airméin agus an Asarbaiseáin, chun tacú le réiteach mar sin a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabail an dlí idirnáisiúnta;

(b) teagmháil chuiditheach a dhéanamh leis na príomhghníomhaithe leasmhara maidir leis an réigiún;

([1]) Cinneadh (CBES) 2017/2071 ón gComhairle an 13 Samhain 2017 lenar gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia (IO L 295, 14.11.2017, lch. 55).

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/1528 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/907 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chugas Theas agus don ghéarchéim sa tSeoirsia (IO L 185, 24.7.2023, lch. 32).

(c) tuilleadh comhair idir an Airméin, an Asarbaiseáin, an tSeoirsia agus, de réir mar is iomchuí, a dtíortha comharsanachta a spreagadh agus tacú leis an gcomhar sin;

(d) éifeachtacht agus infheictheacht an Aontais sa réigiún a fheabhsú.

Airteagal 3

Sainordú

Chun na cuspóirí beartais a bhaint amach, is é an méid seo a leanas a bheidh mar shainordú ag ISAE:

(a) teagmhálacha a fhorbairt le rialtais, le parlaimintí, le príomhghníomhaithe polaitiúla eile agus leis an tsochaí shibhialta sa réigiún;

(b) na tíortha sa réigiún a spreagadh chun comhoibriú le chéile agus an comhar sin a éascú maidir le téamaí leasa choitinn, mar atá bagairtí comhchoiteanna slándála, comhrac na sceimhlitheoireachta, na gáinneála aindleathaí agus na coireachta eagraithe; comhar trasteorann a spreagadh agus a éascú i gcás inarb indéanta chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais áitiúla agus muinín agus athmhuintearas a chothú;

(c) rannchuidiú le réiteach síochánta coinbhleachtaí i gcomhréir le prionsabail an dlí idirnáisiúnta agus cur chun feidhme an tsocraithe sin a éascú i ndlúthchomhar leis na Náisiúin Aontaithe agus le ESCE;

(d) maidir leis an ngéarchéim sa tSeoirsia:

(i) cuidiú leis an ullmhúchán do na cainteanna idirnáisiúnta a reáchtálfar faoi phointe 6 de Phlean Réitigh an 12 Lúnasa 2008, d'Idirphlé Idirnáisiúnta na Ginéive, agus dá bhearta cur chun feidhme an 8 Meán Fómhair 2008, lena n-áirítear maidir le socruithe le haghaidh slándáil agus cobhsaíocht sa réigiún, saincheist na ndídeanaithe agus na ndaoine atá easáitithe ina dtír féin, ar bhonn prionsabal a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus aon ábhar eile, trí chomhaontú frithpháirteach idir na páirtithe;

(ii) cuidiú le seasamh an Aontais a bhunú agus ionadaíocht a dhéanamh dó, ar leibhéal ISAE, sna cainteanna dá dtagraítear i bpointe (i); agus

(iii) cur chun feidhme Phlean Réitigh an 12 Lúnasa 2008 agus a bhearta cur chun feidhme an 8 Meán Fómhair 2008 a éascú;

(e) maidir leis an bpróiseas normalaithe idir an Airméin agus an Asarbaiseáin:

(i) cruinnithe idir na páirtithe a éascú d'fhonn teacht ar chomhaontú síochána cuimsitheach, cothrom agus marthanach, bunaithe ar aitheantas frithpháirteach d'iomláine chríochach;

(ii) iarrachtaí a chomhordú le comhpháirtithe idirnáisiúnta; agus

(ii) rannpháirtíocht gach snáithe den tsochaí a chur chun cinn;

(f) forbairt agus cur chun feidhme beart cothaithe muiníne a éascú, ag comhordú le saineolas na mBallstát i gcás ina mbeidh sin ar fáil agus inarb iomchuí;

(g) iarrachtaí cuimsitheacha chun síocháin a chothú laistigh de na sochaithe a éascú agus cuidiú leo d'fhonn na coinbhleachtaí a shárú agus an tsíocháin a chomhdhlúthú;

(h) cúnamh a thabhairt maidir le hionchur ón Aontas a ullmhú, de réir mar is iomchuí, i ndáil le réiteach féideartha coinbhleachta;

(i) idirphlé an Aontais leis na príomhghníomhaithe lena mbaineann a threisiú maidir leis an réigiún;

(j) cabhrú leis an Aontas forbairt bhreise a dhéanamh ar bheartas cuimsitheach i dtaobh Chugas Theas, go háirithe maidir le teorainneacha agus bealaí cumarsáide a oscailt;

(k) faoi chuimsiú na ngníomhaíochtaí a leagtar amach san Airteagal seo, rannchuidiú le cur chun feidhme bheartas an Aontais um chearta an duine agus Threoirlínte an Aontais maidir le Cearta an Duine, go háirithe a mhéid a bhaineann le leanaí agus mná i limistéir ina bhfuil coinbhleachtaí, go háirithe trí fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí ina leith sin agus trí aghaidh a thabhairt orthu.

Airteagal 4

An sainordú a chur chun feidhme

1. Beidh ISAE freagrach as an sainordú a chur chun feidhme, ag gníomhú dó faoi údarás an Ardionadaí.

2. Coimeádfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála nasc pribhléide le ISAE agus is é a bheidh ina phríomhphointe teagmhála leis an gComhairle ag ISAE. Cuirfidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála treoir straitéiseach agus stiúradh polaitiúil ar fáil do ISAE faoi chuimsiú an tsainordaithe, gan dochar do chumhachtaí an Ardionadaí.

3. Oibreoidh ISAE i ndlúthchomhordú leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus leis na ranna ábhartha di.

Airteagal 5

Maoiniú

1. Is é EUR 2 477 987 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 31 Lúnasa 2025 a chumhdach.

2. Bainisteofar an caiteachas i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Beidh bainistiú an chaiteachais faoi réir conradh idir ISAE agus an Coimisiún. Is don Choimisiún a bheidh ISAE cuntasach as gach caiteachas.

Airteagal 6

Tiomsú agus comhdhéanamh na foirne

1. Laistigh de theorainneacha shainordú ISAE agus de na hacmhainní airgeadais comhfhreagracha a chuirfear ar fáil, beidh ISAE freagrach as foireann a thiomsú. Áireofar san fhoireann an saineolas maidir le saincheisteanna sonracha beartais de réir mar a cheanglaítear leis an sainordú. Coinneoidh ISAE an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas go pras faoi chomhdhéanamh na foirne.

2. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí an Aontais agus SEGS a mholadh go mbeadh foireann ar iasacht ag obair leis an ISAE. Is iad an Ballstát, an institiúid den Aontas lena mbaineann nó SEGS, faoi seach, a chumhdóidh tuarastal an phearsanra sin atá ar iasacht. Féadfar saineolaithe atá ar iasacht ó na Ballstáit chuig institiúidí an Aontais nó chuig SEGS a phostú chun ISAE freisin. Beidh náisiúntacht Bhallstáit ag an bhfoireann idirnáisiúnta ar conradh.

3. Is faoi údarás riaracháin an Bhallstáit seolta, institiúid seolta an Aontais nó SEGS a fhanfaidh an pearsanra uile ar iasacht agus comhlíonfaidh siad a ndualgais agus feidhmeoidh siad chun leasa shainordú ISAE.

4. Comhlonnófar foireann ISAE le ranna ábhartha SEGS nó le toscaireachtaí ábhartha an Aontais chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a ngníomhaíochtaí faoi seach a áirithiú.

Airteagal 7

Pribhléidí agus díolúintí ISAE agus fhoireann ISAE

Déanfar na pribhléidí, na díolúintí agus na ráthaíochtaí breise is gá le haghaidh chomhlánú agus dhea-fheidhmiú mhisean ISAE chomh maith le baill fhoireann ISAE a chomhaontú leis na páirtithe óstacha, de réir mar is iomchuí. Deonóidh na Ballstáit agus SEGS gach tacaíocht is gá chun na críche sin.

Airteagal 8

Slándáil fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais

Urramóidh ISAE agus baill fhoireann ISAE na prionsabail slándála agus na híoschaighdeáin arna mbunú le Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle ([3]).

([3]) Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

Airteagal 9

Rochtain ar fhaisnéis agus ar thacaíocht lóistíochta

1. Áiritheoidh na Ballstáit, an Coimisiún agus Ardrúnaíocht na Comhairle go dtabharfar rochtain do ISAE ar aon fhaisnéis ábhartha.

2. Cuirfidh toscaireachtaí an Aontais sa réigiún agus/nó na Ballstáit, de réir mar is iomchuí, tacaíocht lóistíochta ar fáil sa réigiún.

Airteagal 10

An tslándáil

I gcomhréir le beartas an Aontais maidir le slándáil an phearsanra a imscartar lasmuigh den Aontas i gcáil oibríochtúil faoi Theideal V den Chonradh, déanfaidh ISAE gach beart is féidir le réasún, i gcomhréir le sainordú ISAE agus le staid na slándála i limistéar na freagrachta, i ndáil le slándáil an phearsanra uile atá faoi údarás díreach ISAE, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) plean slándála sonrach a bhunú a bheidh bunaithe ar threoir ó SEGS, lena n-áirítear bearta slándála sonracha fisiciúla, eagraíochtúla agus nós imeachta, lena rialaítear bainistiú ar ghluaiseacht shlán pearsanra chuig an limistéar freagrachta agus laistigh de, chomh maith le bainistiú teagmhas slándála agus lena bhforáiltear do phlean teagmhais agus aslonnaithe;

(b) a áirithiú go gcumhdófar an pearsanra uile a imscartar lasmuigh den Aontas le hárachas ardriosca mar a cheanglaítear leis na dálaí i limistéar na freagrachta;

(c) a áirithiú go mbeidh oiliúint slándála iomchuí faighte ag foireann ISAE a bheidh le himscaradh lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear pearsanra a bheidh ar conradh go háitiúil, roimh theacht i limistéar na freagrachta nó ar theacht isteach sa limistéar sin dóibh, bunaithe ar na rátálacha riosca arna sannadh ag SEGS don limistéar sin;

(d) a áirithiú go ndéanfar na moltaí comhaontaithe uile, a dhéantar tar éis measúnuithe tráthrialta slándála, a chur chun feidhme agus tuarascálacha i scríbhinn a chur ar fáil don Chomhairle, don Ardionadaí agus don Choimisiún maidir lena gcur chun feidhme agus maidir le saincheisteanna slándála eile faoi chuimsiú na tuarascála ar dhul chun cinn agus na tuarascála ar chur chun feidhme an tsainordaithe.

Airteagal 11

Tuarascálacha

Cuirfidh ISAE tuarascálacha ar fáil go tráthrialta don Ardionadaí agus don Choiste Polaitiúil agus Slándála. Tuairisceoidh ISAE do mheithleacha de chuid na Comhairle freisin de réir mar is gá. Scaipfear tuarascálacha tráthrialta trí líonra COREU. Féadfaidh ISAE tuarascálacha a sholáthar don Chomhairle Gnóthaí Eachtracha. Féadfaidh ISAE a bheith rannpháirteach maidir le faisnéis a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa.

Airteagal 12

Comhordú

1. Rannchuideoidh ISAE le haontacht, comhsheasmhacht agus éifeachtacht ghníomhaíocht an Aontais agus cabhróidh ISAE lena áirithiú go ndéanfar ionstraimí uile an Aontais agus gníomhaíochtaí uile na mBallstát a shaothrú go comhsheasmhach, chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach. Iarrfar idirchaidreamh leis na Ballstáit i gcás inarb iomchuí. Déanfar gníomhaíochtaí ISAE a chomhordú le gníomhaíochtaí an Choimisiúin. Cuirfidh ISAE seisiúin faisnéise thráthrialta ar fáil do mhisin na mBallstát agus do thoscaireachtaí an Aontais.

2. Ar an láthair, leanfar d'idirchaidreamh a chothú go dlúth le Cinn Thoscaireachtaí an Aontais agus le Ceannairí Misin na mBallstát. Déanfaidh siad gach iarracht cúnamh a thabhairt do ISAE agus an sainordú á chur chun feidhme aige. Cuirfidh ISAE treoir pholaitiúil áitiúil ar fáil do Cheann Mhisean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia) agus do Cheann Mhisean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA), i ndlúthchomhar le Cinn Thoscaireachtaí an Aontais chuig an tSeoirsia agus chuig an Airméin faoi seach. Rachaidh ISAE agus Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha EUMM Georgia agus EUMA Armenia i gcomhairle le chéile de réir mar is gá. Déanfaidh ISAE idirchaidreamh freisin le gníomhaithe idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile ar an láthair.

Airteagal 13

Cúnamh i ndáil le héilimh

Tabharfaidh ISAE agus foireann ISAE cúnamh maidir le heilimintí a chur ar fáil chun freagairt ar aon éilimh agus oibleagáidí a eascraíonn as sainorduithe ISAEnna a bhí ann roimhe seo do Chugas Theas agus an ghéarchéim sa tSeoirsia, agus cuirfidh siad cúnamh riaracháin agus rochtain ar na comhaid ábhartha ar fáil chun na gcríoch sin.

Airteagal 14

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú tráthrialta ar chur chun feidhme an Chinnidh seo agus ar a chomhsheasmhacht le rannchuidithe eile ón Aontas leis an réigiún. Cuirfidh Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh tuarascálacha tráthrialta maidir le dul chun cinn faoi bhráid na Comhairle, an Ardionadaí agus an Choimisiúin, mar aon le tuarascáil chuimsitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe, faoin 31 Bealtaine 2025.

Airteagal 15

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Iúil 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.